

FORBAIRT AN BHAILE BHRIC SA NAOÚ CHÉAD DÉAG

I. An Sionnach Rua ar an gCarraig

Nuair a deineadh an t-Inniúcadh Siabhalta in 1654⁽¹⁾ bhí an talamh thart ar Bhaile na Lochán, agus an Baile Breac san áireamh, roinnte go cothrom idir thalamh churaíochta agus innilt. Níor athraigh seo morán i rith an ochtú chéad déag agus in 1760, mar shampla, bhí an talamh oscailte go leor le caoi a thabhairt don Kilruddery Hunt dul ag fiach ar an tsionnach ó Chimín Bhré go Chabán tSíle agus é a scuabadh rompu isteach sa bhfarraige thart ar Rinn Vico. Cheiliúir Thomas Mozeen an móréacht seo ina chuid vóarsaíocht agus d'fhoilsigh sé é agus fonn Síle Ni Ghadhra leis.⁽²⁾ Ba chuimhin leis an aisteoir John O'Keeffe "..... coinfhia faoi lán luas, -a cheann is a bheanna in airde, a gceann ligthe leis an gconairt ar a sháile, agus ar a geúl siúd an sealgaire ar mhuin chapaill, ag séideadh a adharc fiaidh, agus scata scuibhéis in éindí leis, mar a chonac go minic i gceantar Bhré is Dún Laoghaire, agus i mBaile na Lochán le Johnny Adair ó Kiltiernan i mbarántas tosaigh na slua."⁽³⁾

Tá cur síos in amhrán Mozeen ar an mbealach ar ghlaic na sealgairí le flaithiúlacht Iarla na Mí ina theach siúd i gKilruddery i ndiaidh na seilge. Is cinnte gur thugadar cuaird amanntaí ar thábhairne duine dá gcuid, Owen Bray, i mBaile na Lochán. Tá tagairt dó siúd san amhrán mar "Ostóir Bhaile na Lochán." De réir tuairisci áirithe, bhí geáitsí ar bun sa tábhairne céanna a choinniodh go cúramach ó chluasa an mórphobail, mar abhí "scuibhéisí ó'n gcomharsanacht ag reachtáil troideanna coileach agus iad freisin i mbun babhtaí drabhláis a bhí chomh hainsrianta sin ná béadh sé de dhánaíocht iontu tabhairt futhu ina dtithe fhéin."⁽⁴⁾ Thug Mozeen cuaird ar an tábhairne go rímhinic agus scríobh sé amhrán ar leith faoi'n áit a thabharfadhbh le tuiscint gurb í an fhírinne beacht abhí ins na ráflaí seo ar fad. Tugann an t-amhrán céanna le fios dúinn gurb ionad sosa é an t-ostán céanna don dream abhí tar éis a dteacht i dtír ó Shasana i ndiaidh turas garbh thar Mhuiir Éireann, agus iad anois ag taistéal ó dheas.⁽⁵⁾

In 1814 nuair a d'imirigh Ann Plumtre an bealach thart, níorbh tábhairne a thuilleadh é ach teach mór. Bhí an teach ró ghar don bhóthar, áfach, dar leis an duine uasal arbh leis é; chuir sé an priomhdhoras ar chuí

an tí; thóg sé falla mór idir an teach agus an bhóthar; agus leag sé casán fada a thagann amach ar an bpriomhbhóthar tuairim is céad slat i dtreo na cathrach. ⁽⁶⁾

Cé go raibh an ceantar ag forbairt mar cheantar cónaithe faoi'n am seo, fós bhí an Tiarna Powerscourt ag seilg sa mBaile Breac in 1815. Is ar cheann de na hócáidí seo a maraíodh an ceathrú Diúc Dorset in aois a 22 bhliain nuair a thit sé dá chapall san áit a bhfuil an teach ar a dtugtar San Columbaanois. Bhí tuairisc san Freeman's Journal dhá lá ina dhiaidh sin ⁽⁷⁾ a chuir in iúl don lucht léite cé mar ar thit capall an Diúc in áit a raibh clocha scaoilte ann. Ag cosaint diognait an uasal aicme go bás dó d'fhogair an tuairisceoir gur thit A Shoilse go talamh ar a bhrollach. De réir an tuairisceora céanna bhí an oiread sin measa ar an Diúc go mba dóichí ag an am go mbeadh sé mar chomharba ar a leas athair an Tiarna Whitworth mar ionadaí ag an Rí in Éirinn. Críochnaíonn an tuairisc le véarsa filíochta a bhí seana chaite cheana féin:

The boast of heraldry, the pomp of power
And all that station all that wealth ere gave
Await alike the inevitable hour
The paths of glory lead but to the grave ⁽⁸⁾

Tógadh oibilisc mór cloiche ar an ionad ar bhual an bás míthráthúil leis an Diúc bocht.

B'fhearra go mór b'fhéidir sliocht a thabhairt as an céad-is-a-dó-dhéag líne filíochta a scríobh Byron in onóir an Diúc nuair a bhí seisean mar ghiolla ag an bhfile agus iad araon ar scoil i Harrow. Mhol Byron don Diúc gan aon áird a thabhairt ar an té a bheadh ina mhaidrín lathaí aige toisc a ghradam uaisleachta; meas a bheith aige ar a shinsear ach ag an am gcéanna an tsúi bheatha ba roghnach leis fhéin a leanúint agus clú a thuilleamh dó féin as a stuaim fhéin. Comhairle bhreá ach í in aisce. Cé gur scríobh Byron an píosa filíochta in 1805, níor foilsíodh é go cionn tamaill mhaith ina dhiaidh sin. Mar sin ní dochá go raibh na véarsaí seo sa timpeall nuair a fuair an Diúc bás le goilliúint ar a ghaolta trén mhórcharadas idir an bheirt bhuaachaill óg deich m bliain roimhe sin a thabhairt chun chuimhne. ⁽⁹⁾ Le bás an Diúc tháinig deireadh le ghné amháin de shaol an Bhaile Bhríc. Bhí an "lucht forbartha" cheana féin ag brú isteach ar an gceantar.

2. Cosc ar bhotháin díon tuí

Thug Séarlas II Baile na Lochán, agus an Baile Breac san áireamh, do mhuintir Domville in 1663 agus bhí an talamh seo fós i seilbh na claimne ag túis an naoú chéad déag. In 1811 lig Sir Compton Domville an Baile Breac ar léas do bheirt arbh ainm dóibh Moore agus Oxley. ⁽¹⁰⁾ Fuair Moore 42 acra (gaelacha) ar chíos bhliantúil £105 agus bhí choinnioll sa léas aige a chuir iachall air £600 a chaitheamh ar thógáil foirgintí buan laistigh de ocht mbliain nó go ngearrfaí fineál £1,800 air. Léas trí shaol a bhí ann, le rogha athnuachainte ar feadh seachtó bhliain ar chán shuarach. Fuair Oxley 65 acra ar chíos bhliantúil £230 faoi'n cineál céanna léasa. Bhí air siúd £500 a chaitheamh ar bhuan-fhoirgintí laistigh de sheacht mbliain nó bhéadh air fineál £1,500 a foc. Bhí coinniollacha san dá léas a chuir cosc ar dhó bhricí nó leacáin, agus ar thógáil botháin dóibe le díon tuí. Ní raibh cead ag na léasaithe crann ar bith a leagadh, a lomadh nó a theascadh gan an cead sin a fháil ó Domville fhéin, agus dá dtarlódh a leithéid bhí orthu deich gcrann trí bhliain d'aois a phlanndáil do gach ceann a leagadh. Is cosúil gur baineadh amach na hoibreacha thuasluaite agus tuairim is fiche bliain níos déanaí, i 1835, deir na cáipéisí linn ⁽¹¹⁾ go raibh an Baile Breac fós i seilbh Moore agus Oxley faoi na léasanna céanna.

Ina thuras tríd an gceantar i 1844, deir Frazer "is ar an dtaoibh ó dheas de Kilbogget atá an limistéar forbartha le tithe nua cónaithe agus eaglais nuathóghtha Bhaile Bric ar fána thiar Chnoc Chill Iníon Léinín." ⁽¹²⁾ Tógadh an eaglais ar phaiste talún a bhronn Sir Compton Domville; bhronn Sir Compton scar forba in éineacht le seo. ⁽¹³⁾ Ní fheadar an raibh aon bhaint ag an bhflaithiúlacht seo leis an caoi a raibh Sir Compton ag iarraidh baile fearainn Chill Iníon Léinín a cheannach ó Eaglais na hÉireann ⁽¹⁴⁾ agus an bealach ar éirigh leis Eastát Seanchill a cheannach ó na húdaráis eaglasta in 1841. ⁽¹⁵⁾ Faoi'n am seo bhí teacht isteach £1,800 in aghaidh na bliana ag Sir Compton óna eastát i mBaile na Lochán agus £20,000 óna eastáit ar fad

i gCathair is i gCondae Bhaile Átha Cliath agus i gCondae na Mí. (16) B'ionann na figiúirí in 1851. (17)

Faoi 1860, áfach, toisc forbairt Bhaile Átha Cliath agus Dún Laoghaire agus teacht an iaranróid (féach thíos), bhí an-éileamh go deo ar thalamh forbartha. Fuair Sir Compton Domville bás in 1857 agus trí bhliain ina dhiaidh sin d'éirigh lena mhac Sir Charles Compton William Domville dlí a reachtáil, an "Domvile Estate Act 1860," a thug cead dō léasanna a thabhairt amach ar thréimhsí níos fuide ná mar ba cheadmhach dō faoi'n dlí abhí i réim go n-uige sin.⁽¹⁸⁾ Níor bhain an t-acht seo go díreach leis an eastát i mBaile na Lochán, abhíanois ar léas le Sir William Verner Bart,⁽¹⁹⁾ ach léiríonn sé an mór éileamh abhí ar thalamh infhorbartha sa cheantar i gcoitinne ag an am.

De réir chomhairle dlíodóra ar an acht seo ag an am "dá n-éireodh le hoidhrí na n-eastát seo an cead abhí uathu a fháil le léasanna a thabhairt amach do thréimhsí suas le 200 bliain, sé mo thuairim go gcuirfeadh seo go mór leis an dteacht isteach ó na tailte seo thar tréimhse ama. Is leor léasanna do 99 bhliain do phaistí beaga talún i mbailte is i gceathracha móra, cé go bhfuil an-tóir agus éileamh ar thréimhsí níos fuide nuair a bhíonn siad ar fáil; ach bíonn lucht an Chaipitil ag iarraidh an tréimhse is fuide atá ar fáil a aimsiú nuair a bhíonn siad sa tóir ar thalamh le tithe fobhaile a thógáil air, agus tabharfaidh siad cíos níos airde ar thréimhse dhá chéad nó trí céad bliain ná mar a thabharfadhbh ar a leath san".⁽²⁰⁾ Faoi 1868 ní raibh aon léasanna tugtha amach ag Sir Charles faoi'n acht nua ach bhí fiacha £100,000 dlite ar na heastáit aige. Rith sé acht nua in 1868 le cead a thabhairt dō iasacht breise £12,500 a ghlacadh ar bhannaí na n-eastát. Ní raibh i gceist anseo, de réir Sir Charles, ach cuid den airgead abhí cheana féin infheistithe aige i bhfeabhsú na n-eastát i Seantreabh agus i Seanchill.⁽²¹⁾

Cé go raibh na fiacha ag dul i méid an t-am ar fad, agus i gcás mórán tiarna talún eile ba é seo cúis a mbriste sa deireadh,⁽²²⁾ bhí sé de mhór ádh ag Domville go raibh luach a chuid eastát ag dul i méid go mór toisc an suíomh abhí ortha. Nuair a dhein Tomás Mac Gearailt, ón Oifig Suirbhé agus Luachála, na heastáit ag Domville

i mBaile Átha Cliath, (gan Baile na Lochán a chur san áireamh) a mheas in 1871, tháinig sé ar an dtuairim go mb'fhiú £25,000 iad cé nach raibh de theacht isteach ó chíosanna ag an am ach £17,000; b'ionann seo agus méadú 50%. Bhí Sir Charles ar dearg buile nuair a chuala sé an "dea-scéal" seo, ag smaoineamh dō b'fhéidir ar chúrsaí cháin ioncam. Scríobh sé litir cancarach chuig Mac Gearailt ag fiafraí de cén bunús abhí leis an luacháil deabhaltach abhí déanta aige. D'fhreagair Mac Gearailt go raibh sé bunaithe ar eolas a tháinig le 25 bhliain thaithí i ngach chondae in Éirinn. "Níor chláraigh mé riamh é seo agus mar sin ní thig liom géilleadh dod' achainí." Chríochnaigh sé ar an leathbhagairt: "B'fhéidir nár mhiste dom a rá nár dhein mé aon mhionluacháil ar do chuid eastát..."⁽²³⁾

Tá an cuma ar an scéal, ón sliocht seo as litir a chuir sé chuig an Irish Times ar 24 Samhain 1868, nár bh acmhainn do Sir Charles an t-aicme proifisiúnta ná trádála a sheasamh:

Bhí mo chuid polaitíochta riamh Liobarálach Coimeádach. Dá bhri sin ní fhéadfainn tacáiocht a thabhairt d'aon Raidiceach, bíodh is gur duine é de chuid uaisle an chondae agus é cáilithe ar chuile bhealach eile. Ní ghéillfinn riamh, áfach, go bhféadfadh miontrádálaí Bleá Cliach éileamh dá laghad a bheith aige ar an gCondae. (24)

Cuireann an sliocht seo, a scríodh thart fá 1857, ar teideal dó "Sir C. Domvile's (electoral) address done into Rhyme by A 'Villian'", i gcéill gurbh beag le Sir Charles duine ar bith a bhain le h-aicme shoisialta faoi bhun uasail teidealta:

I go into the House as the pet of the nobs
And I don't care a curse for the vote of the Snobs
Confound their impertinence, why - don't they see
That the 'Duke' and the 'Marquis' and 'Earl' go for me;
And with such at my back, Sir, I don't mean to court
What I call the "villa" and "flower-bed" support.
I'm for freedom of Suffrage - which I understand
To mean simply this - that the Lords of the land
The votes of their serfs have a right to command; (25)

Don té ná glacadh le barúil phaimfléadaí gan ainm, ní mó a mheabhrú dō gur dhein duine dá aicme féin diancháineadh ar Sir Charles nuair

a bhain sé triail as ábhairín beag cruthóireachta sna círteanna in 1864. Tógadh an sliocht seo leanas ón Irishman, 23 Eanáir 1864. Thug Sir Charles cás ós comhar na círte le duine dá dtionónτai a dhíshealbhú. Rinne sé an mórbhotún fógra míosa a chur ar an dtionónτai ar an 25ú Samhain. B'ionann seo agus

fógra bailiú leis agus a theach a ghéilleadh -- ar LÁ NOLLAG. Ní raibh Sir Charles sásta lena leithéid de bhrúidiúlacht thar chuimse. Tagann sé anois ós comhar na círte ag iarraidh bac a chur ar an bhfeart bocht, go bhfuil sé de mhí ádh air bheith ar dhuine dá dtionónτaithe, é fhéin a chosaint go dtí go mbeadh sách bannaí tugtha aige le costais uile na círte agus pé fineál a ghearrfaí air a foc dá gcaillfeadh sé an cás . . . Ni tharlódh a leithéid in aon tir seachas in Éirinn, ná i gcás aicme ar bith eile seachas tionónτaithe Gaelacha. Ar ndóigh sé ceann de na gnéithe is suntasaí den acht is déanaí ó Phairlimint na Breataine leis an tionónτai Gaelach "a chosaint" ná clásal a cheadaíonn an rud seo díreach.

Ag baint feidhme as an gclásal carthannach seo dó, d'iarr Sir Charles Domville ar an gcúirt gan ligint le duine dá dtionónτaithe, John Bracken, é fhéin a chosaint go rachadh sé i mbannaí na gcostais . . . Dhiúltaigh na Breithiúin don iarratas seo d'aon ghuth, agus thairis seo, nochtadar a dtuairim ar a dhéine is a bhí an clásal seo (is cinnte gur barbartha a bhí i gceist acu ach go rabhadar ro bhéasach an focal beacht a úsáid). Cháin duine de na Breithiúin (agus táimíd fiorbhuiúoch dó as) iompar an ghearánaí go dian géar agus dúirt go mbainfeadh sé feidhm i gconaí as pé dhiscréad a ligti leis le cur in aghaidh duine ar bith a thiocfadhb ós comhar na círte le h-éileamh dá leithéid.

Bhí luach eastát Bhaile na Lochán agus go háirithe an cuid sin de a bhí sa mBaile Breac, ag dul in airde mar ionad cónaithe, agus ghéaraigh ar an ardú seo i ndiaidh theacht an bhóthar iarainn in 1854.

3. "An Carbad Iarainn"

Ní chosúil go raibh aon mó�-thionchur ag an Gorta Mór (1845-7) ar an mBaile Breac. Má's inchreidte torthaí na daonáirimh chomhaimsireacha tháinig ardú 30% ar dhaonra an bhaile fearainn idir 1841 agus 1851.⁽²⁶⁾ Le scrúdú níos mine a dhéanamh ar an ardú seo bheadh gá le sonraithe ar aoiseanna agus gairmeacha beatha na ndaoine. Mar sin fhéin is dócha gur féidir a ghlacadh leis gurbh é abhí de thoradh ar an mbac ar bhotháin díon tuí ná cosc a chur ar an dream bhocht, ar ghoill an Gorta orthu thar aon dream eile, theacht chun cónaithe sa bhfearrann seo ar chor ar bith.

Ina choinne seo, d'fhéadfaí a rá go mbéadh an t-iaranród tagtha roimh 1854 ach don ghorta céanna agus an leisc a d'fhág sé ar infheisteoirí dul i mbun beartanna mar fhorbairt iaranród. Faoi 1844 shín líne Dhún Laoghaire chomh fada le Deilginis agus bhí pleannána ar bun leanacht le seo trí Bhré ar an mbealach go Loch Garman. B'e an toradh abhí ar seo ná "gur imigh na hamhantraithe tógála i mbun gnótha 'bhí chuile paiste talún a fhéadfaí a theacht air á leagadh amach ar mhaithe le tithe nua a thógáil' . . . agus bhí praghas talamh tógála ag dul in airde in aghaidh an lae i nDeilginis agus i gCill Iníon Léinín."⁽²⁷⁾ Ach ní mar a shíltear a bhítear agus lean na comhluchtaí iaranród ag troid eatorru fhéin ar feadh deich mbliain eile. Mar sin níor tháinig an smeach go dtí gur shrois an t-iaranród Cill Iníon Léinín in 1854; bhí an mhórchathair anois i ngiorracht turas trí ceathrú uaire 'chloig.⁽²⁸⁾ Idir 1851 agus 1861 tháinig méadú 60% ar dhaonra an bhaile fearainn go 530 duine.

Nuair osclaíodh an bóthar iarainn ar 10 Iul 1854 bhí dhá stáisiún ag freastal ar an gceantar: An Baile Breac ag an bhfoirceann thoir den bhóthar mfileata agus Obelisk Hill abhí ar grogadh ar thaobh aille i bhfiagharradh an Uasail Warren. Bhí an dara stáisiún seo doshroichte go maith ach tá an cuma ar an scéal go raibh a shuíomh mar choinníoll ag an Uasal Warren leis an iaranród a ligean trína ghabháltas fearainn.⁽³⁰⁾

Níor mhair an stáisiún ach trí bhliain go leith agus i 1859 tógaigh stáisiún nua Chill Iníon Léinín ar an dtaobh ó thuaidh den bhóthar ar a dtugtar anois Bóthar an Stáisiún mar abhfí bataire a ligeadh i léig ó aimsir an chogaidh franciaigh.⁽³¹⁾ Sa bhliain céanna dhein muintir Dheilginis gearán go raibh an tseirbhís traenach anois i bhfad níos moille ná mar abhfí faoi'n gcóras follúsach⁽³²⁾ a bhíodh ag feidhmiú go dtí sin idir Dhún Laoghaire agus Deilginis. B' é an toradh ar an ngearán seo ná "Traen Luais an Bhaile Bhríc": mearthraen a ritheadh gan stad idir Bhaile Átha Cliath agus Dún Laoghaire agus ar aghaidh ansan go dtí ceann cúrsa an Bhaile Bric. Bhí an Baile Breac anois i ngiorracht 33 neomat don mhórchaithair.⁽³³⁾ Ní raibh sé riamh eacnamúil dhá stáisiún a choinneál ar oscáilt agus cuireadh An Baile Breac agus Cill Iníon Léinín le chéile in aon stáisiún amháin ar shuíomh an stáisiún atá inniu ann in 1882, nuair a dúblaíodh an líne idir Dhún Laoghaire agus Cill Iníon Léinín. Ní raibh an Baile Breac anois ach 25 neomat ón mhórchathair.⁽³⁴⁾

Ní thig linne inniu a shamhlú cé chomh mór is abhfí tionchar teacht an iaranróid ar shlí maireachtála na ndaoine i láir an naoú céad déag, agus is ábhar íontais duinn b'fhéidir gur ghlaic Comhthionól Naofa na nDeasgnáth le urnaí ar leith do bheannú ráillí agus rothra: "A Dhia Shiorraí na gCumhacht . . . de réir mar a sciúrdann do chuid seirbhísigh ar aghaidh tríd an tsaoil, in umhalaíocht dod' chuid dlithe, ag rith ar na ráillí a leag tú fhéin amach, go sroise siad a ndúchas neamhdha faoi shonas . . ."⁽³⁵⁾ Le teacht an "charbad iarainn" ní raibh de theora ar acmhainn forbartha an Bhaile Bric mar réigiún cónaithe ach an méid spáis a bhí ar fáil le tithe a thógáil air, ní sa bhaile fearainn amháin ach sna ceantair máguaird mar Cill Iníon Léinín, Kilbogget agus Seanganach freisin. Bhí roinnt mhaith áiseanna suite sa mBaile Breac abhfí ag freastal ar limistéar níos leithne mar a léirionn an tábla thíos.

Teacht na dTrádálaithe is na Céardaithe chuig an Baile Breac⁽³⁶⁾

	<u>1847</u>	<u>1856</u>	<u>1866</u>	<u>1877</u>	<u>1887</u>	<u>1897</u>
Grósaer/Soláthraí	3	2	5	5	3	3
Únaer Ghluaiseáin	-	2	3	1	3	-
Oifig an Phoist	-	1	1	1	1	1
Miondúltóir	-	-	1	1	1	1
Búistéar	-	-	1	1	1	1
Trádálaí Guail	-	-	1	1	1	1
Conrathóir/Tógálai	-	-	1	1	2	2
Péintéar	-	-	1	1	1	1
Plandlann	-	-	1	1	1	1
Saor Cloiche	-	-	-	1	1	-
Siúnéar	-	-	-	-	1	-
Slinneadóir	-	-	-	-	1	-
Poiticéir	-	-	-	-	-	1
Iarnmhangaire	-	-	-	-	-	1

4. An Bailecheantar Nua

Ainneoin a chuid lóchtanna cuireann an tábla i gcéill gur idir 1856 agus 1866 a tharla an mórfhorbairt, agus faoi 1866 cruthaíodh bailecheantar nua as an dá bhaile fearainn Cill Iníon Léinín agus an Baile Breac (in éineacht le sráidbhaile Baile na Lochán.) Cuireadh luacháil £8,066 ar an mbailecheantar, gearradh ráta 4p (sean) san £ sa chéad bhliain dó agus thug seo £134 do na Coimisinéirí.

Lean an tógáil tithe ins na blianta dár gcionn. Faoi 1877 bhí 15 teach déag in Ardán Seanganach agus tá an méadú forleathan ar líon na mórrhithe cónaithe le feiceáil go soiléar ach straichfhéachaint a thabhairt ar chóipeanna éagsúla de Thoms Directory don tréimhse. Bhí meoin Sasanach go láidir sa cheantar ar ndóigh agus ceiliúradh 50ú bliain Victoria mar Bhanríon Shasana (1887) le hoscailt Páirc Victoria, nó Páirc Chill Iníon Léinín mar a tugtaranois air. Bé an Príonsa Albert, garmhac na Banríona agus mac Phríonsa dhrúisiúil na Breataine Bige, a rinne an deasgnáth. ⁽³⁸⁾ Bhí an pháirc ceannaithe

ag an Queen's Memorials Association a raibh na daoine seo leanas ar an mbórd riarthá: Hon. R. Falkiner QC Cláradoír Bhaile Átha Cliath agus Áitreabhach Bhaile Bhric; S. Waterhouse JP duine de Choimisinéirí an Bhailecheantair; agus J. Wighan JP a bhéadh go luath ar dhuine de na Coimisinéirí céanna. Bronnadh an pháirc ar na Coimisinéirí in 1891. ⁽³⁹⁾

Nior thug na Coimisinéirí faoi córas uisce forleathan a chur ar fáil go dtí 1892. Faoi 1897 bhí luacháil £11,288 ar an mbailecheantar, agus ráta 3s. 9p. sa £. B'ionann seo agus £2,000 sa bhliain. Níor thosnaigh an clár tithíochta don lucht oibre go dtí 1899 nuair a fuair na Coimisinéirí £3,150 ar iasacht ó Bhórd na nOibreacha Poiblí ar ráta úis 3% ar feadh 40 bliain. Fuaireadar iasacht breise £1,500 an bhliain dár gcionn a chuir ar a gcumas leanacht leis an gclár. ⁽⁴¹⁾ Go nuige sin, agus lucht céardaithe agus trádála a ligean ar leataoibh, bhí na tithe cónaithe sa cheantar fíor ardnósach.

5. Seal Thuas

Rugadh é sa mBaile Breac ar 14 Samhain 1858 agus cuireadh oideachas air i mBirmingham. Bhí sé ina chathaoirleach ar bhóird Chomhlacht na Mórchanalach; Bóthar Iarainn Bhaile Átha Cliath agus Dún Laoghaire; agus Aontas Trambhealaí Átha Cliath (1896). Bhí sé ar dhuine de stiúrthóirí Chomhlucht Móriaranród Deisceart agus Iarthar na hÉireann agus Chomhlucht Chomhghuallaíocht agus Íditheoirí Gháis Átha Cliath. Bhí sé ar dhuine de Ghobharnóirí agus Cosantóirí an Ghealaraí Náisiúnta; Coimisinéir um Oideachas Náisiúnta; Coimisinéir um Bhrontanais agus Tiomnachtaí Carthannaigh; Iontaoibhí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann; Ball de Sheanad na hOllscoile Náisiúnta; agus Ionadaí i Westminster do dháilcheantar Faiche Stiabhma ó 1904 go 1910.

Ba mhór an dul chun chinn é seo ar ndóigh dá mb'ionann teacht ar an saol sa mBaile Breac agus síolrú ó bhunús uiríseal. Bhí sé de bhuntáiste aige leis go raibh a athair ina Leas-Leifteanant ar

Chondae Thiobrad Árainn agus ina ionadaí i Westminster don Chondae céanna.

B' é Lawrence Ambrose Waldron, fear ollmhór, a raibh sé de nós aige taisteal ar an dtraen go Baile Átha Cliath gach lá. De réir na béaloidseasa, léadh sé a pháipéar nuachta ar an dtraen agus lá amháin, ar thuirlingt den traen dó, d'fhág sé a pháipéar ina dhiaidh. Thug buachaill díolta nuachtán faoi ndeara nach raibh aon pháipéar aige agus láithreach thug sé faoi áiteamh air ceann a cheannach uaidh féin. Dhiúltaigh Waldron go borb. Cúpla neomat ina dhiaidh sin bhí deis ag an mbuachaill díoltas a bhaint amach. Bhí an fear tacsaí ag iarraidh a phaisnéar ollmhór a shádh isteach i gcúl tacsaí fhaid a bhí sé ag fiafraí de cén ceann scriibe abhí uaidh. "In ainm Dé" ars' an buachaill "tabhair ar an Rotunda go pras é." (43)

Bhí conaí ar Micheál Dáibhéid, gríosóir réabhlóideach agus treorai lucht oibre, sa mBaile Breac i Land League Cottage ó 1888 go 1896. Bhí an t-Athair Ó hÉalaí ina shagart paróiste ar feadh bliana i rith na tréimhse seo. Bhí an sagart seo aitheanta mar nathaire thar na beartaibh agus inseann a bheathfhaisnéiseoir W J Fitzpatrick an scéal seo leanas faoi:

Bhí sagart óg sa mBaile Breac abhí an-tógha leis an áit tar éis dó cónaí ann ar feadh i bhfad, agus ba leisc leis an teach aige d'fhágaint. "Téir tusa chuit an Ard Easpag" arsa an tAthair Ó hÉalaí - gearrstad - "tá ciste aige siúd do thionóntaithe díshealbaithe." Agus seo á rá aige d'ardaigh sé a shúile i dtreo Land League Lodge, aras Mhícheál Dáibhéid, abhí lena thaobh. (44)

Fear a raibh cónaí air sa cheantar níos fuide siar ab ea John Blake Dillon, duine de stiúrthóirí ghluaiseacht Éire Óg a cuireadh sa phriosún, a díbriodh as an dtír agus ar tugadh maithiúnas dó i ndeireadh báire. B'as Chondae Mhuigheo dó ach bhí sé ina ionadaí i Westminster do Chondae Thiobrad Árainn in 1865. Fuair sé bás an bhliain dar gcionn den gCalar. Mac leis ab ea John Dillon, MP, ceannaire Páirtí Náisiúnta na hÉireann i Westminster agus athair James Dillon, iar-Aire Thalmhaíochta agus iar-cheannaire Fhine Gael. (45)

Ar áitreabhaigh an Bhaile Bric sa naoú céad déag bhí Breithiúin, Dlíodóirí, Údair, Ollúna, Scuibhéirí agus Comharleoírí don Chustaim agus Mál. Tá an liosta fada ach tá an t-aicme soileir - ard aicme. Níor tháinig deis an lucht oibre sa mBaile Breac go dtí an fichiú céad, ach sin scéal eile.

NOTAI

- (1) Civil Survey 1654
- (2) Notes and Queries, June 1864, 1th. 500 - 504
The Neighbourhood of Dublin, W.S. Joyce, Dublin 1939, 1th. 86 - 90
- (3) Recollections of the Life of John O'Keeffe, by himself, London 1826, 1th. 24.
- (4) Notes and Queries, June 1864, 1th. 502 - 3.
- (5) ibid.
- (6) Narrative of a Residence in Ireland during the Summer of 1814 and that of 1815. Mrs. Anne Plumtre. London 1817. 1th. 87.
- Tá teach mór fós ar an láthair, ós comhar Bóthar Wyattville mar a thagann sé amach ar an mórbhóthar ó Bhaile Átha Cliath go Bré.
- (7) Freemans Journal 16/2/1815
- (8) Gray's Elegy in a Country Churchyard. Foilsithe 1750.
- (9) Byron: Poetical Works. Oxford University Press 1967. Lth. 9,10,858

Ah! though myself by nature houghty, wild,
Whom Indiscretion hailed her favourite child;
Though every error stamps me for her own,
And dooms my fall, I fain would fall alone;
Though my proud heart no precept now can tame
I love the virtues which I cannot claim

Friendship, whose truth let childhood only tell;
Alas! they love not long, who love so well.

Still, if the wishes of a heart untought
To veil those feelings which perchance it ought
If these - but let me cease the lengthen'd strain-
Oh! if these wishes are not breathed in vain
The guardian seraph who directs thy fate
Will leave thee glorious as he found thee great.

- (10) Leabharlann Náisiúnta na hÉireann M 11782 1th. 103 - 4.

I ndiaidh dó titim den capall, iompraíodh an Diúc faid le teach Oxley abhí roinnt céad slat uaidh agus is anseo a fuair sé bás.

- (11) Rental of the Estate of Sir Compton Domville Bart in the City and County of Dublin and County of Meath for the half year due and ended 29th September and 1st November 1835 five. Dated 1 June 1836. Leabharlann Náisiúnta na hÉireann M 11307.

- (12) J. Frazer. Handbook for Ireland. Dublin 1844. 1th. 58.

Seo an séipéal ag bun ascal Chill Iníon Léinín a bhaineann le hÉireann.

- (13) A Topographical Dictionary of Ireland. Samuel Lewis. London 1837. Iml. 1, 1th. 149.

- (14) Will of Sir Compton Domville (1842). Oifig na nAnnála Poiblí T 2051.

Tá teastas sa cháipéis seo a chuireann in iúl gur thug Sir Compton Domville fógra in 1841 faoi acht 3 agus 4 William IV arbh teideal dó "An act to alter and amend the Laws relating to the Temporalities of the Church in Ireland". Bhí baile fearainn Chill Iníon Léinín ar léas ag Sir Compton ó Eaglais na hÉireann ar £29. ls. 6p. sa bhliain, agus chinn na Coimisinéirí go mbeadh an léas seo incheannaithe aige ar £13l. 6s. 7p.

- (15) Domville Estates Act 1868, 31 & 32 Victoriae, Cap 3, sa tsraith Private Acts.

- (16) mar nota (11).

- (17) Abstract of Rental of Sir C. Domville for the year ending September and November 1851 one. Leabharlann Náisiúnta na hÉireann M 11781.

- (18) Luaite in Domville Estates Act 1868. Féach (15). Tá Acht 1860 in 23 & 24 Victoriae, Cap 5, Private Acts. Baineann sé le Seanchill, Teampaill Mhocheallóig agus Culóg amháin.

- (19) Rugadh Sir William Verner Bart in 1782. Bhí sé ina Shirriam ar Chondae Mhuineacháin in 1820, ar Ard Mhacha in 1821 agus ar Thír Eoghain in 1823. Bhí sé ina Ionadair Páirliminte do Ard Mhacha ó 1832 go 1868, agus ina Ard-Mháistir ar Chumann na n-Oráisteach go dtí a bhás in 1871. Deineadh Bairnéad de in 1846. (Modern English Biography. Boase. 1892.)

Freisin, List of Townlands in the Several Baronies of the County Dublin with the names of Owners in fee. 22 June 1861. Leabharlann Náisiúnta na hÉireann M 11870.

- (20) Comments on the Domville Estates Act 1860 by J. Byrne of 16 Lr. Mount St., 30/4/1860. Leabharlann Náisiúnta na hÉireann M 11788.

- (21) mar (15).

- (22) The Encumbered Estates Court, Ireland, 1848 - 49.
Pádraig G. Lane. Economic and Social Review April 1972.
lth. 416.

A delight in the dolce vita had primarily led Irish landowners to burden their estates with mortgages, settlements and judgements; but the natural right of landowners to make provision for their children and close relatives by charging land with settlements had also contributed to the establishment of encumbrances. Furthermore, the inheritor of an encumbered estate was often obliged, and was free, to add new encumbrances in order to keep the property solvent. Whatever the motivation, there can be little doubt that a cavalier treatment of laxities in Irish laws governing the charging of properties contributed to the process. Irish landowners had been premitted to mortgage their properties beyond the redeemable value of the deeds of title, and to use the security of judgements for settling, or deferring, the payment of debts, bills, services, annuities and trusts.

- (23) Report on the Estates of Sir Charles Compton Domville Bart. by Thomas Fitzgerald dated 18/11/1871 agus litir ó Fitzgerald 9/5/1872. Leabharlann Náisiúnta na hÉireann M 11305.
- (24) Leabharlann Náisiúnta na hÉireann M 9361.
- (25) mar (24).
- (26) British Sessional Papers 1852/3 XCI lth. 36.
- (27) Bray Brunel and All That. K.A. Murray. Journal of the Irish Railway Records Society Iml. 5 lth. 210/11.
- (28) Wyers Railway Timetable. January 1856 lth. 22/3. Joly Pamphlets 3823 - 3848. Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.
- (29) Census of Ireland 1891. lth. 97.
- (30) Bray Brunel and All That lth. 216. Mhol an t-Uasal Warren na buntáistí a bhainfeadh le stáisiún a shuíomh anseo nuair abhfí sé ag plé le Comhlucht Iaranród Dhún Laoghaire agus Bré in 1845. Aige fhéin amháin a bheadh na buntáistí céanna.
- (31) Limekiln Battery. Uimh. 8 ins an gcóras cosanta 9 eilimint a thóg na Sasanaigh in 1804 ar eagla ionsaí mara ón bhFrainc.
- (32) Bhí an córas seo i bhfeidhm idir Dhún Laoghaire agus Deilginis ó 1843 go 1854. Tarraingíodh an t-inneal ar phrionsabal súite, agus geineadh an follús i dteach innil i nDeilginis. Chlis ar an gcóras nuair a thosnaigh na francaigh ag ithe an chéir a choinnigh na cleitearnaigh leathair sa bhfeadán folús aerata. De réir an Guinness Book of Records (eagrán 1973 lth. 151) bhí an luaschraobh iaranród domhanda (neamhoifigiúil) ag an bóther iarainn seo idir 1843 agus 1890. Cuireadh luas 85

míle san uair i leith inneal a d'imigh ceann scaoilte i Lúnasa 1843, ach ní raibh aon údar neamhspleáach i láthair le seo a dheimhniú go h-oifigiúil.

- (33) Journal of the Irish Railway Records Society Iml. 6 lth. 61.

In 1860 léiríodh gné nua den chomórtas trádála agus cumhacht monaplachta nuair a bhain an comhlucht traenach a pas taistil de Mary Daly, cailín diolta nuachtán, toisc gearán ó Smith and Sons, an dream arbh leo na siopáí leabhar sna stáisiúin fhéin.

- (34) Freemans Journal 6 May 1882.

- (35) Irish Ecclesiastical Record 1865 Iml. 1 lth. 146.

Benedictio Viae Ferreae et Curuum

.... Omnipotens sempiterne Deus, ---- dum famuli tui velociter properant in via, in lege tua ambulantes, et viam mandatorum tuorum currentes, ad coelestam patriam feliciter pervenire valeant.

- (36) Thoms Directory. Blianta éagsúla.

- (37) mar (36).

- (38) Rugadh an Prionsa Albert (Eddy) in 1864 agus de réir James Pope-Hennessy a scriobh beathfháisnéis na Banríona Máire, bhí sé spadánta ceanndána. Bhí seift ag rúnaí priobháideach a athar é a chur chuig na cóníneachtaí len é a choinneáil as an tstí ach chuir an Bhanrón Victoria a ladhar isteach sa scéal agus d'fhan Eddy sa mbaile. Fuair sé bás den bhfliú in Eanáir 1892 mí sar a raibh sé leis an mBanphrionsa May a phósadh. Mar a thárla, phós sí a dheartháir agus nuair a tháinig seisean i gCoróin mar George V ba ise an Bhanrón Máire.

- (39) Fáisnéis ó leac ar chuaille geata pháirc Chill Iníon Léinín.

- (40) Irish Builder. 15/11/1884, agus 1/12/1891.

Ceann de na fadhbanna a bhain le seo ná a airde is a bhí áiteanna áirithe sa bhaile fearainn. Sa tuarascaíl a rinne sé do na Coimisinéirí mhol an t-innealtóir P. F. Leonard, go ndéanfaí an t-uisce ó thaiscumar Ráth Mhichíl a thaoscadh le h-inneal ciúin gás dhá each-chumhacht ó mheánumar a thógfáí ar thalamh Warren nó Talbot go dtí umar mór ar chnoc Chill Iníon Léinín ar leibhéal a bheadh os cionn an suíomh is airde sa bhaile fearainn. Bhí sé an-searbhasach faoi Bhárdas Átha Cliath. Dá ligfidís siúd dó uisce a tharrach as foinse níos airde ná taiscumar Rath Mhichíl ní bheadh aon ghá dul i mbun an geaitsíocht taosctha costasach seo le huisce a sholáthar don chuid is airde den bhaile fearainn.

- (41) Dún Laoghaire Borough Corporation Estimates 1933 - 34.
lth. 3l.
- (42) Who Was Who in 1916 - 1928. Foilsithe ag Adam and Charles
Black. London 1947. Lth. 1080.
- (43) Tá mé faoi chomaoin ag Ned Connor, iar-mhaor ar
Stáisiún Chill Iníon Léinín agus an Bhaile Bric, as ucht an
scéilín seo.
- (44) Memories of Father Healy of Little Bray. London 1896.
Curtha i leith W.J. Fitzpatrick.
- (45) Dictionary of National Biography. Iml. V lth. 989.
Who Was Who 1916 - 28. London 1947. Lth. 1080.